2025/1909

25.9.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1909 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Meán Fómhair 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le fabhair tharaife áirithe a dheonaítear do thíortha áirithe is tairbhithe GSP a chur ar fionraí le haghaidh na mblianta 2026-2028

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 732/2008 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 8(3) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste um Fhabhair Ghinearálaithe, de réir bhrí Airteagal 39 de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, maidir le fabhair tharaife i dtaca le socrú ginearálta na scéime ginearálaithe um fhabhair (GSP), cuirfear ar fionraí iad i leith táirgí ó roinn GSP de thionscnamh tíre is tairbhí GSP nuair a sháraíonn meánluach allmhairí an Aontais i gcás táirgí den sórt sin ón tír is tairbhí GSP sin thar thrí bliana as a chéile na tairseacha a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 agus bunaithe ar staidreamh trádála a bhaineann leis na blianta féilire 2018-2020, leagadh síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1039 ón gCoimisiún ([2]), arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2780 ón gCoimisiún ([3]), an liosta de ranna táirgí ar cuireadh na fabhair tharaife ina leith ar fionraí ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2025.

(3) De bhun Airteagal 8(3) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an liosta sin, gach trí bliana, agus déanfaidh sé gníomh cur chun feidhme a ghlacadh chun na fabhair tharaife a chur ar fionraí nó a athbhunú.

(4) Ba cheart feidhm a bheith ag an liosta athbhreithnithe ar feadh tréimhse 3 bliana ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh, nó, má théann Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 in éag roimh an 31 Nollaig 2028 de bhun Airteagal 43 den Rialachán sin, go dtí dáta éaga an Rialacháin sin. Tá an liosta bunaithe ar staidreamh trádála a bhaineann leis na blianta féilire 2021-2023 mar a bhí ar fáil an 1 Meán Fómhair 2024 agus cuirtear san áireamh ann allmhairí ó thíortha is tairbhithe GSP a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 de réir mar is infheidhme ar an dáta sin. Mar sin féin, chun críoch na ríomhanna sin, i gcomhréir le hAirteagal 8(4) de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, ní chuirtear san áireamh luach na n-allmhairí ó thairbhithe GSP nach mbainfidh tairbhe, ón 1 Eanáir 2026, as na fabhair tharaife faoi phointe (b) d'Airteagal 4(1) den Rialachán sin,

([1]) IO L 303, 31.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/978/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1039 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2022 lena leagtar síos rialacha chun Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le fabhair taraife áirithe a dheonaítear do thíortha áirithe is tairbhithe GSP a chur ar fionraí le haghaidh na bliana 2023 (IO L 173, 30.6.2022, lch. 58, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1039/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2780 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1039 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le fionraí fabhar taraife áirithe a dheonaítear do thíortha áirithe is tairbhithe GSP (IO L, 2023/2780, 15.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2780/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear na fabhair tharaife dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ar fionraí i leith na dtíortha is tairbhithe GSP lena mbaineann, a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012, don liosta táirgí ó na ranna GSP a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026 go dtí an 31 Nollaig 2028, nó, má théann Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 in éag roimh an 31 Nollaig 2028, go dtí dáta éaga an Rialacháin sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Liosta na ranna GSP a ndearnadh na fabhair tharaife ina leith dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 a chur ar fionraí i leith tír is tairbhí de GSP lena mbaineann:

Colún A: ainm na tíre in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 978/2012
Colún B: Roinn GSP (Airteagal 2(j) de Rialachán GSP)
Colún C: tuairisc

A	B	C
An India	S-5	Táirgí mianracha
	S-6a	Ceimiceáin orgánacha agus neamhorgánacha
	S-7a	Plaistigh agus earraí déanta as plaistigh
	S-7b	Rubar agus earraí déanta as rubar
	S-11a	Teicstílí
	S-13	Earraí cloiche, plástair, stroighne, aispeiste, míoca nó ábhair chomhchosúla; táirgí ceirmeacha; gloine agus earraí gloine
	S-14	Péarlaí agus miotail lómhara
	S-15a	Iarann, cruach agus earraí déanta as iarann agus cruach
	S-15b	Táirmhiotail (seachas iarann agus cruach), earraí déanta as táirmhiotail (seachas iarann agus cruach)
	S-16	Innealra agus fearais mheicniúla; innealra agus trealamh leictreach agus codanna díobh
	S-17a	Innill traenach nó tram, rothstoc
	S-17b	Mótarfheithiclí, rothair, aerárthaí agus spásárthaí, longa agus báid
an Indinéis	S-1a	Ainmhithe beo agus táirgí ainmhí seachas éisc
	S-3	Olaí, saillte agus céaracha ainmhíocha nó plandúla
	S-5	Táirgí mianracha
	S-9a	Adhmad agus earraí adhmaid; fioghual
an Chéinia	S-2a	Plandaí beo agus táirgí bláthadóireachta